

Ciste Árachais Shóisialaigh

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, le cur os comhair Thithe an Oireachtais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais an Chiste Árachais Shóisialaigh le haghaidh na bliana dar críoch 31 Nollaig 2009, faoi Alt 9 den Acht (Comhdhlúthú) Leasa Shóisialaigh, 2005.

Cuimsíonn na ráitis airgeadais, rudaí atá ullmhaithe faoi réir an Achta, cuimsíonn siad na Polasaithe Cuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe agus na nótaí bainteacha.

Freagrachtaí na Roinne Coimirce Sóisialaí agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste faoi seach

Tá an Roinn freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Tá sé mar fhreagracht ormsa na ráitis airgeadais a iniúchadh faoi réir riachtanais bhainteacha dhlíthiúla agus rialaitheacha agus faoi réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúcháireacht (An RA agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais léirithe i gceart, faoi réir an Achta. Tuairiscím chomh maith cé acu an bhfuil nó nach bhfuil leabhair chearta chuntais tar éis a bheith coinnithe, dar liom. Anuas air sin, dearbhaím cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais. Tuairiscím aon chás bainteach nuair nach bhfuil airgead tar éis a bheith úsáidte do na cuspóirí a ceapadh dó, nó i gcás nach bhfuil na hidirbhearta ag réiteach leis na húdaráis atá á rialú. Tuairiscím freisin mura bhfuil an t-eolas agus na míniúcháin go léir faighte agam atá riachtanach do chuspóirí m'iniúchta.

Bunús na Tuairime Iniúcháireachta

I gcleachtadh m'fheidhme mar Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais faoi réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúcháireacht (An RA agus Éire), a d'eisigh an Bord um Chleachtas Iniúcháireachta agus trí thagairt do thuiscintí speisialta a bhaineann le comhlachais Stáit, maidir lena mbainistiú agus a bhfeidhmiú. Áiríonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise atá bainteach leis na méideanna, leis an nochtadh agus le rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá áirithe sna ráitis airgeadais. San áireamh leis sin, tá measúnú ar na meastacháin agus ar na breithiúnais shuntasacha a tugadh in ullmhú na ráiteas airgeadais, agus ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na polasaithe cuntasaíochta iomchuí do dhálaí an Chiste, á gcur i bhfeidhm go comhsheasmhach agus á nochtadh go himleor.

Rinne mé m'iniúchadh a phleanáil agus a chur i bhfeidhm chun an t-eolas agus na míniúcháin go léir a fháil, a bhraith mé a bheith riachtanach chun fianaise dhóthanach a sholáthar dom, le deimhniú réasúnta a chur ar fáil go bhfuil na ráitis

airgeadais saor ó mhírátis ábhartha, bídís mar thoradh ar chalaouis nó ar mhírialtacht nó ar earráid eile. Agus mo thuairim á meá agam, rinne mé measúnú freisin ar leorgacht fhoriomlán chur i láthair an eolais sna ráitis airgeadais. Dírim aird ar na cúrsaí seo a leanas gan coinníollacha a chur le mo thuairim, rud atá leagtha amach thíos.

Idirbhearta Baincéireachta

Tugadh easnaimh faoi deara maidir le tráthúlacht ullmhú, fhormaid agus athbheithniú an chomhréitigh bainc agus sna nósanna imeachta maidir le cealú seiceanna. Bhí na heasnaimh chéanna ann ag deireadh gach míosa ó glacadh le próiseas nua ríomhairithe comhréitigh i Meitheamh 2009.

Tá obair á déanamh ag an Roinn chun rianta cuntasáochta a athchruthú, na hidirbhearta bainc a chomhréiteach go hiomlán agus a phróisis ghnó a fheabhsú maidir le comhréiteach bainc. Ag am mo thuarascála, níl imscrúdú iomlán déanta ar nithe áirithe. Is ionann an glanmhéid atá le bheith imscrúdaithe agus €330,000. D'fhéadfadh gá a bheith le coigeartú cuntasáochta, rud nach meastar a bheith ábhartha i gcomhthéacs láimhdeachas an Chiste, d'fhéadfadh gá a bheith leis sna blianta amach anseo d'fhonn aon earráidí a aithníodh a cheartú.

Íocaíochtaí de Bhreis ar Theidlíochtaí


Tuairiscíonn Caibidil 32 den Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2009 ar cheist na n-íocaíochtaí de bhreis ar theidlíocht atá san áireamh sa Chiste Árachais Shóisialaigh.

Tuairim

Is é mo thuairim

- go léiríonn na ráitis airgeadais iarmhéid an Chiste ar 31 Nollaig 2009 agus idirbhearta le haghaidh na bliana a chríochnaigh ansin i gceart
- choinnigh an Roinn taifid chearta chuntasaíochta agus tá na ráitis airgeadais ag teacht leo.

Tá mé ag déanamh scrúdú ar phleanáil agus ar chur i bhfeidhm an tionscadail, chun uathobriú a dhéanamh ar an bpróiseas comhréitigh bainc agus déanfaidh mé tuairisciú ar leith ar mo thorthaí.



John Buckley
An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
29 Nollaig 2010

CISTE ÁRACHAIS SHÓISIALAIGH

RÁITIS AIRGEADAIS

2009

CLÁR NA nÁBHAR

Leathanach

Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais	1
Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta	2
Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí	3
Clár Comhardaithe	4
Nótaí ag gabháil leis na Cuntais (1 - 4)	5
Nótaí ag gabháil leis na Cuntais (5 - 6)	6
Nótaí ag gabháil leis na Cuntais (7- 8)	7
Nótaí ag gabháil leis na Cuntais (9 - 11)	8
Nótaí ag gabháil leis na Cuntais (12 - 14)	9
Nótaí ag gabháil leis na Cuntais (15 - 17)	10
Cuntas Infheistíochta an Chiste Árachais Shóisialaigh	Aguisín
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	

RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Freagracht as Córas de Rialú Inmheánach Airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasáíochta, admhaím mo fhreagracht as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach de rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú. Tá an fhreagracht seo á cleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mochuid oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras de rialú inmheánach airgeadais ach deimhniú réasúnta agus ní iomlán a sholáthar go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta i gceart, agus go bhfuil earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha coiscthe nó go mbeidís braite i mbealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é cothabháil an chórais de rialú airgeadais inmheánach agus coinnítear an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Tá an seasamh maidir leis an timpeallacht de rialú airgeadais, an creat de nósanna imeachta riaracháin, tuairiscíú bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach, mar seo a leanas:

Timpeallacht de Rialú Airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm, ina bhfuil na heilimintí seo a leanas:

- * tá freagrachtaí airgeadais tar éis a bheith ceaptha ar leibhéal na bainistíochta, le cuntasacht chomhfhreagrach san áireamh
- * tá socruithe tuairiscithe tar éis a bheith bunaithe ar gach leibhéal ar a bhfuil freagracht as bainistiú airgeadais tar éis a bheith ceaptha
- * tá nósanna imeachta foirmiúla tar éis a bheith bunaithe chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairiscíú agus chun gníomhú ceartaithe iomchuí a chinntiú
- * tá coiste iniúchóireachta ann le comhairle a chur orm maidir le cur i bhfeidhm mo fhreagrachtaí as an gcóras de rialú inmheánach airgeadais.

Rialú Riaracháin agus Tuairiscíú Bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat de nósanna imeachta riaracháin agus de thuairiscíú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmilgín agus cuntasachta agus, go háirithe:

- * go bhfuil córas buiséadaithe iomchuí ann ina bhfuil buiséad bliantúil, a bhíonn á choinneáil faoi athbhreithniú ag lucht bainistíochta sinsearach
- * go ndéanann lucht bainistíochta sinsearach athbhreithniú rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla, a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh na réamhaisnéise
- * go bhfeidhmíonn córas de bhainistiú príacal laistigh den Roinn
- * go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- * go bhfuil treoirínte rialaithe iomchuí ann d'infheistíocht chaipitil agus disciplíní foirmiúla do bhainistiú tionscadal

Iniúchóireacht Inmheánach

atá formheasta agam. Bíonn a cuid oibre coinnithe ar an eolas trí anailísíú ar na príacail airgeadais a mbíonn an Roinn nochtá dóibh agus bíonn a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, atá formheasta agam, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm leis na pleananna seo an rialú rithábhachtach a chlúdach ar bhunús rollach, le linn tréimhse réasúnta. Bíonn an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí á hathbhreithniú go tréimhsiúil agam féin agus ag an gCoiste Iniúchóireachta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam chun a chinntiú go ndéantar athleanúint ar thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

RÁITEAS AR PHOLASAITHE CUNTASAÍOCHTA

1. Ginearálta

Bhí an Ciste Árachais Shóisialaigh bunaithe leis an Acht Leasa Shóisialaigh, 1952 (mar a bhí leasaithe).

Tá rátaí na sochar árachais shóisialaigh, teidlíochtaí íocaíochtaí iomarcaíochta agus sochair dhíobhálacha ceirde bunaithe trí reachtaíocht.

Tá na cuntais tar éis a bheith ullmhaithe de réir choinbhinsiún an chostais stairiúil.

2. Polasaí Maoinithe

Tagann ioncam an Chiste go príomha ó na ranníocaíochtaí d'Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa (ÁSPC) a bhíonn bailithe ag na Coimisinéirí Ioncaim ó fhostóirí, ó fhostaithe agus ó dhaoine féinfhostaithe.

Feidhmíonn an Ciste Árachais Shóisialaigh faoi théarmaí an Achta (Comhdhlúthú) Leasa Shóisialaigh, 2005. Faoi Alt 9 den Acht seo, cuimsíonn an Ciste cuntas reatha agus cuntas infheistíochta. Íoctar na méideanna atá iníoctha as an gCiste, as an gcuntas reatha. Aistrítear airgead nach bhfuil gá leis chun caiteachas reatha an Chiste a chomhlíonadh, aistrítear go dtí an cuntas infheistíochta é. Comhlíontar aon easnamh ar an gcuntas reatha maidir le dliteanais, ón gcuntas infheistíochta ar an gcéad dul síos, agus ó airgead a chuireann An tOireachtas ar fáil ina dhiaidh sin.

3. Fáltais a Aithint

Is ionann figiúirí na bhfáltais ranníocaíochta agus tobhaigh a tuairiscíodh agus an méid ÁSPC a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim i rith na bliana. Cuirtear fáltais eile san áireamh ar bhonn fáltais airgid thirim.

4. Íocaíochtaí a Aithint

Aithnítear íocaíochtaí ar bhonn:

- seiceanna, pá-orduithe agus aistriú leictreonach ciste a eisíodh i rith bliana, agus
- pá-orduithe pearsantaithe, dréachtaí poist agus dearbháin nuair a dhéantar airgead tirim díobh ag Oifigí Poist.

5. Áitribh agus Dímheas

Bíonn áitribh á dtaispeáint ar chostas stairiúil. Ní dhearnadh soláthar ar bith le haghaidh dímhéasa.

6. Infheistíochtaí

Bainistíonn an tAire Airgeadais Cuntas Infheistíochta an Chiste. Tá torthaí na gníomhaíochta infheistíochta ar taispeáint sa Chuntas Infheistíochta atá in éineacht leis an gCuntas seo.

CUNTAS FÁLTAS AGUS ÍOCAÍOCHTAÍ DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2009

	<u>Nótaí</u>	€000	<u>2009</u> €000	€000	<u>2008</u> €000
<u>Fáltais</u>					
Ranníocaíochtaí ÁSPC					
Árachas Sóisialach	1	7,164,606		7,984,182	
Ranníocaíocht Sláinte	2	1,557,082		1,156,567	
Tobhach an Chiste Náisiúnta Oiliúna		<u>371,600</u>	9,093,288	<u>413,303</u>	9,554,052
Fáltais ó Infheistíochtaí			132,976		160,209
Fáltais Eile	3		<u>19</u>		<u>19</u>
			<u>9,226,283</u>		<u>9,714,280</u>
<u>Íocaíochtaí</u>					
Árachas Sóisialach					
Pinsean Stáit (Ranníocach)		3,367,733		3,117,855	
Pinsean Stáit (Eatramhach)		104,976		92,089	
Pinsean (Ranníocach)					
Baintrí/Baintreach Fir		1,353,391		1,299,039	
Sochar Banchéile Thréigthe		100,130		104,618	
Sochar Máithreachais		331,289		315,878	
Sochar Sláinte & Sábháilteachta		619		576	
Sochar Uchtaíoch		1,247		1,644	
Íocaíocht Caomhnóra (Ranníocach)		11,510		14,373	
Sochar Breoiteachta		919,783		852,305	
Pinsean Easláine		681,642		685,717	
Sochar Cúramóra		30,204		33,666	
Sochair Dhíobhálacha Ceirde	4	112,336		112,011	
Deontas Méala		18,889		17,851	
Deontas do Thuismitheoir ar Baintreach (Fir) é/í		5,617		5,543	
Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta		1,733,816		928,844	
Sochar Cóireála	5	100,178		97,124	
Saor-Scéimeanna	6	279,039		260,562	
Iomarcaíocht & Dócmhainneacht	7&8	<u>350,398</u>		<u>202,264</u>	
		9,502,797		8,141,959	
Speansais Riaracháin	9	<u>281,428</u>	9,784,225	<u>257,780</u>	8,399,739
Ranníocaíocht Sláinte			1,634,000		1,159,000
Tobhach an Chiste Náisiúnta Oiliúna			<u>372,000</u>		<u>413,000</u>
			<u>11,790,225</u>		<u>9,971,739</u>
Farasbarr d'Íocaíochtaí thar na Fáltais			(2,563,942)		(257,459)
Laghdú ar iarmhéideanna de bharr comhlachtaí eile	12		<u>77,318</u>		<u>2,130</u>
(Easnamh)/barrachas na bliana			<u>(2,486,624)</u>		<u>(255,329)</u>

Tá Nótaí 1 – 17 mar chuid de na Cuntais seo.

AN CLÁR COMHARDAITHE AMHAIL AR 31 NOLLAIG 2009

	<u>Nótaí</u>	€000	<u>2009</u> €000	€000	<u>2008</u> €000
Sócmhainní Seasta					
Áitribh	13		1,477		1,477
Sócmhainní Airgeadais					
Cuntas Infheistíochta			870,912		3,320,028
Sócmhainní Reatha					
larmhéideanna bainc				55,495	
larmhéideanna dlite ó/(chuig) comhlachtaí eile	12	76,240		(1,078)	
larmhéideanna á gcoinneáil ag gníomhairí	14	76,647		103,089	
Ranníocaíochtaí Infhaighte	15	<u>7,522</u>		<u>7,065</u>	
		160,409		164,571	
Dlíteanais Reatha					
larmhéideanna bainc		17,951		-	
larmhéideanna dlite do gníomhairí	14	122,128		105,646	
llichreidiúnaithe		<u>2,374</u>		<u>3,461</u>	
		142,453	17,956	109,107	55,464
Glansócmhainní			<u>890,345</u>		<u>3,376,969</u>
Léirithe ag					
Cúlchistí ar 1 Eanáir			3,376,969		3,632,298
(Easnamh)/barrachas na bliana			(2,486,624)		(255,329)
Cúlchistí ar 31 Nollaig			<u>890,345</u>		<u>3,376,969</u>

Tá Nótaí 1 – 17 mar chuid de na Cuntais seo.

NÓTAÍ AG GABHÁIL LEIS NA CUNTAIS

1. Ranníocaíochtaí ÁSPC

Déantar ranníocaíochtaí ÁSPC a chionriont idir Árachas Sóisialach, an Ranníocaíocht Sláinte agus Tobhach an Chiste Náisiúnta Oiliúna.

Ní féidir miondealú cruinn a sholáthar ar ranníocaíochtaí ÁSPC, go dtí go mbeidh anailís iomlán déanta ar shonraí na bliana. Ní bheidh na sonraí ar fad a bhaineann le 2009 ar fáil i gcomhair anailíse go dtí lár 2011.

Tá na ranníocaíochtaí cionroinnte ar bhonn an eolais is déanaí atá ar fáil agus tá siad sealadach.

Tá an miondealú seo a leanas ar ranníocaíochtaí Árachais Shóisialaigh idir Fhostóirí, Fhostaithe agus Dhaoine Féinfhostaithe, tá sé sealadach chomh maith.

	<u>2009</u> €000	<u>2008</u> €000
Ranníocaíochtaí Fostóirí	5,290,403	5,944,892
Ranníocaíochtaí Fostaithe	1,559,416	1,633,708
Ranníocaíochtaí Daoine Féinfhostaithe	314,787	405,582
	<u><u>7,164,606</u></u>	<u><u>7,984,182</u></u>

2. Ranníocaíocht Sláinte

Ní chuimsíonn na suimeanna atá léirithe maidir leis an Ranníocaíocht Sláinte na suimeanna a bailíodh faoi Cháin Ioncaim Sceideal D (féinfhostaithe), ós rud é go dtugann na Coimisinéirí Ioncaim iad seo go díreach dFheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

3. Fáltais Eile

	<u>2009</u> €000	<u>2008</u> €000
Cíos	19	19
	<u><u>19</u></u>	<u><u>19</u></u>

4. Sochair Dhiobhálacha Ceirde

	<u>2009</u> €000	<u>2008</u> €000
Sochar Díobhála	18,143	19,250
Sochar Mithreorach	85,677	84,443
Sochar Báis	8,207	8,036
Cúram Leighis	309	282
	<u><u>112,336</u></u>	<u><u>112,011</u></u>

5. Sochar Cóireála

	<u>2009</u> €000	<u>2008</u> €000
Sochar Déadach	70,817	69,419
Sochar Optúil	21,994	21,703
Sochair um Fhearais Leighis & Máinliachta	7,367	6,002
	<u>100,178</u>	<u>97,124</u>

6. Saor-Scéimeanna

	<u>2009</u> €000	<u>2008</u> €000
Liúntas Breosla	64,096	54,229
Liúntas Toitcheo	5,985	5,982
Leictreachas Saor in Aisce	99,190	92,772
Gás Buidéalaithe Saor in Aisce	17	15
Gás Nádúrtha Saor in Aisce	13,053	11,433
Ceadúnas Teilifíse Saor in Aisce	33,981	33,976
Cíos Gutháin Saor in Aisce	62,717	62,155
	<u>279,039</u>	<u>260,562</u>

7. Scéimeanna Iomarcaíochta agus Dócmhainneachta Fostóirí

Bíonn na Scéimeanna Iomarcaíochta agus Dócmhainneachta Fostóirí á riar ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Tá na figiúirí atá léirithe le haghaidh na scéimeanna seo tógtha ó chuntas bliantúil a chuireann Oifigeach Cuntasáíochta na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ar fáil.

	€000	<u>2009</u> €000	€000	<u>2008</u> €000
Iomarcaíocht - Íocaíochtaí	335,854		193,711	
- Aisghabháil	(3,635)	332,219	(949)	192,762
Dócmhainneacht - Íocaíochtaí	19,958		10,059	
- Aisghabháil	(2,626)	17,332	(934)	9,125
Speansais an Bhinse Achomhairc Fostaíochta	796		383	
Nithe Ilghnéitheacha	51	847	(6)	377
		<u>350,398</u>		<u>202,264</u>

8. Iomarcaíocht/Dócmhainneacht – Suimeanna In-aisghabhála ó Fhostóirí

Is féidir le fostóirí lacáiste i bpáirt a fháil ón gCiste den mhéid a íocann siad i gcnaphsuimeanna iomarcaíochta reachtúla

Má theipeann ar fostóirí na híocaíochtaí cnapshuime iomarcaíochta reachtúla a dhéanamh, d'fhéadfaí an teidíocht reachtúil iomlán a íoc le fostaithe as an gCiste. Chomh maith leis sin, i gcásanna go n-éiríonn na fostóirí dócmhainneach, is féidir le teidíochtaí reachtúla áirithe eile atá dlite (riaráistí tuarastail, pá saoire srl.) a bheith íochta as an gCiste. Tá na suimeanna a íoctar i gcásanna mar seo in-aisghabhála ó fostóirí. Déantar an aisghabháil a fhritháireamh in aghaidh íocaíochtaí na scéime.

Bhí an staid charnach maidir le suimeanna in-aisghabhála ó fostóirí, mar seo a leanas:

	€000	€000	<u>2009</u> €000	<u>2008</u> €000
	Iomarcaíocht	Dócmhainneacht	Iomlán	Iomlán
Iarmhéid ar 1 Eanáir	48,493	54,613	103,106	89,353
Íocaíochtaí de bharr loiceadh fostóirí	37,061	19,958	57,019	24,122
Lúide: Suimeanna aisghafa	(3,635)	(2,626)	(6,261)	(1,883)
Lúide: Suimeanna Díscríofa -	(2,631)	(6,070)	(8,701)	<u>(8,486)</u>
Coigeartú ar dhliteanas tar éis gníomhaíocht chomhréitigh	(454)	27	(427)	
Iarmhéid ar 31 Nollaig	<u>78,834</u>	<u>65,902</u>	<u>144,736</u>	<u>103,106</u>

Is é an méid carnach a díscríobhadh amháil ar 31 Nollaig 2009 in aghaidh an Dlíteanais Iomarcaíochta ná €19,276,834

Is é an méid carnach a díscríobhadh amháil ar 31 Nollaig 2009 in aghaidh an Dlíteanais Dócmhainneachta ná €36,052,640

Tharla díscríobh in aghaidh soláthairtí drochfhíach iomarcaíochta nó Dócmhainneachta i rith 2009 tar éis athbhunú Coiste Díscríofa i rith 2008.

9. Speansais Riaracháin

	<u>2009</u> €000	<u>2008</u> €000
Costais foirne		
- Tuarastail	116,737	98,274
- Aoisliúntas	28,000	24,000
- Taisteal	1,491	2,034
Costais Gníomhaireachta		
- Bailiú ranniocaíochtaí	37,437	36,670
- Íocaíochtaí le An Post	22,615	21,856
- Íocaíochtaí leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta maidir leis na Scéimeanna Iomarcaíochta agus Dócmhainneachta Fostóirí	2,617	1,520
Postas agus Teileachumarsáid	8,861	8,613
Lóistín/Trealamh/Soláthairtí	32,761	33,427
Táillí Iniúchóireachta	110	115
Costais eile	30,799	31,271
	<u><u>281,428</u></u>	<u><u>257,780</u></u>

10. Ró-íocaíochtaí

Cuimsítear suimeanna a measadh go raibh ró-íocaíocht déanta ina leith sna muirir ar scéimeanna agus cuirtear aisghabháil a fhaightear chun sochair na scéimeanna. Bhí an staid charnach ó thaobh ró-íocaíochtaí an Chiste, mar seo a leanas:

	€000	<u>2009</u> €000	€000	<u>2008</u> €000
Ró-íocaíochtaí gan aisíoc ar 1 Eanáir		65,387		57,187
Mionathrú do bhlianta roimhe seo		(268)		460
Ró-íocaíochtaí taifeadta sa bhliain		<u>19,907</u>		<u>18,114</u>
		85,026		75,761
Lúide:				
Suimeanna aisghafa sa bhliain	9,289		8,628	
Suimeanna díscríofa sa bhliain	<u>4,607</u>	13,896	<u>1,746</u>	10,374
Ró-íocaíochtaí gan aisíoc ar 31 Nollaig		<u><u>71,130</u></u>		<u><u>65,387</u></u>

Déantar mionathruithe chun leasuithe siarghabhálacha a léiriú a bhí ceadaithe sa chóras BRF (ODM) roimhe seo, in éineacht le hearráid chuntasaíochta bliana roimhe sin. Réitíodh na ceisteanna seo ó shin agus ní bheidh aon ghá le mionathrú a dhéanamh ar iarmhéid tosaigh 2010.

11. Íocaíochtaí Ex-Gratia

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia €96,028 le linn 2009 (2008 - €20,797)

12. Iarmhéideanna dlite do Chomhlachtaí Eile

Is ionann iarmhéideanna atá dlite ó chomhlachtaí eile agus barrachas na méideanna íoctha le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte maidir leis an Ranníocaíocht Sláinte, agus leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta maidir le Tobhach an Chiste Náisiúnta Oiliúna.

Bhí staid na n-iarmhéideanna mar seo a leanas:

	Ranníocaíocht Sláinte		Oiliúint Náisiúnta Tobhach Ciste		Iomlán		Iomlán
	€000	2009 €000	€000	2009 €000	2009 €000	2008 €000	
Iarmhéid ar 1 Eanáir		332		746	1,078		3,208
Cionroinnte le linn na bliana Íoctha sa bhliain	1,557,082 (1,634,000)	(76,918)	371,600 (372,000)	(400)	(77,318)	1,569,870 (1,572,000)	(2,130)
Iarmhéid ar 31 Nollaig		<u>(76,586)</u>		<u>346</u>	<u>(76,240)</u>		<u>1,078</u>

13. Áitribh

Tá úinéireacht Áras Mhic Dhiarmada, Sráid an Stórais, Baile Átha Cliath 1 (ceanncheathrú na Roinne Coimirce Sóisialaí) faoi chúram an Aire Coimirce Sóisialaí thar ceann an Chiste. Cuimsíonn an t-áitreabh seo Busáras. Faigheann an Ciste cíos bliantúil seasta ó C.I.E. maidir le Busáras.

14. Iarmhéideanna na nGníomhairí

Cuimsíonn iarmhéideanna na nGníomhairí an t-easnamh nó an chuid neamhchaite den airgead a bhí curtha ar aghaidh ón gCiste chuig an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh (Vóta 38), An Post agus an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (RFTF), ionas go mbeidís in ann íocaíochtaí a dhéanamh thar ceann an Chiste.

Sócmhainní Reatha - Iarmhéideanna á gcoinneáil ag gníomhairí	2009 €000	2008 €000
An Post	—	103,089
VÓTA 38 (i)	68,991	
Fionraí ACÍG (PARP) (Nóta 16)	7,656	
RFTF	—	—
	<u>76,647</u>	<u>103,089</u>
Dlíteanais Reatha - Iarmhéideanna dlite do ghníomhairí	2009 €000	2008 €000
An Post(ii)	69,344	
VÓTA 38	—	93,878
RFTF(iii)	52,784	11,768
	<u>122,128</u>	<u>105,646</u>

Tabhair faoi deara:

- (i) Is ionann an t-iarmhéid agus an méid a bhí dlite ó Vóta 38 maidir le caiteachas seiceanna a thabhaigh sé trí chuntais bainc an CÁS. Bíonn na cuntais ag An Post réamh-mhainithe ag Vóta 38 agus an CÁS chun dlíteanais chaiteachais na Roinne a íoc de réir mar a bhíonn siad dlite.
- (ii) tearcmhainní ar a sciar den chaiteachas ag An Post agus go ndearna Vóta 38 rómhainní ar a sciar den chaiteachas ag An Post dá réir.
- (iii) Déantar íocaíochtaí ón CÁS leis an RFTF maidir le hlomarcaíocht agus Dócmhainneacht ar bhonn iarratais íocaíochta mhíosúla. Níor iarr an RFTF go leor méideanna a bhí dlite dóibh i rith 2009, rud a chiallaigh go raibh iarmhéid dlite €52.7 milliún ann ar 31 Nollaig 2009.

15. Ranníocaíochtaí Infhaighte

Baineann ranníocaíochtaí infhaighte go príomha leis na méideanna de ranníocaíochtaí ÁSPC a bhí bailithe ag na Coimisinéirí Ioncaim, ach nár aistriódh go dtí an Ciste i rith 2009.

16. Cuntas Fionraí ACÍG

Ionas gurbh fhéidir tabhairt isteach Ardán nua Comhréitigh Íocaíochtaí agus Gníomhaireachtaí (ACÍG) a éascú i rith 2009, bhí gá le dhá chuntas nua fionraí a oscailt le haghaidh Vóta 38 agus an Chiste Árachais Shóisialaigh. Úsáideadh na cuntais seo chun:

1. íocaíochtaí a rinneadh ar an seanchóras Comhréitigh Íocaíochtaí a bhí ag fanacht le postáil láimhe agus nach raibh curtha ar aghaidh chuig ACÍG a choinneáil go sealadach, agus
2. difríochtaí neamhréitithe stairiúla a bhfuil imscrúdú de dhíth orthu a choinneáil

Ar 31 Nollaig 2009, bhí iarmhéid sochair €6,999,575 i gcuntas fionraí an Vóta, méid a bhí dlite don Chiste Árachais Shóisialaigh. Bhí iarmhéid dochair €7,656,165 i gcuntas fionraí an CÁS, méid a chuimsíonn an méid atá dlite ó Vóta 38.

Tar éis do scrúdú agus mionathruithe riachtanacha a bheith déanta, tá luach €656,590 ar na difríochtaí neamhréitithe seo anois sna cuntais fionraí seo. Tá scrúdú leanúnach á dhéanamh orthu seo, a bhfuil sé i gceist críoch a chur leis i rith 2010. Agus comhaontú na Roinne Airgeadais faighte, tá difríochtaí maidir le hiocaíochtaí neamhchomhoiriúnaithe stairiúla ar luach €431,800 san áireamh i gcaiteachas 2009.

17. Cuntas Infheistíochta 2009


Féidhmíonn an Ciste Árachais Shóisialaigh faoi théarmaí an Achta (Comhdhlúthú) Leasa Shóisialaigh, 2005. Aistrítear airgead nach bhfuil gá leis chun an caiteachas reatha a chomhlíonadh, aistrítear go dtí Cuntas Infheistíochta é. Ba é an t-iarmhéid sa chuntas seo ag deireadh 2009 ná €371 milliún, rud atá ar taispeáint ar chlár comhardaithe an Chiste.

Caitheadh an t-iarmhéid go léir i rith Bhealtaine 2010 mar gheall ar luach íocaíochtaí an Chiste a bheith níos mó go leanúnach ná fáltais an Chiste agus soláthraíodh maoiniú ina dhiaidh sin trí Fhóirdheontas Státciste.

Niamh O'Donoghue
Ard-Rúnaí
An Roinn Coimirce Sóisialaí
Nollaig 2010

CUNTAS INFHEISTÍOCHTA AN CHISTE ÁRACHAIS SHÓISIALAIGH 2009

2008		2009
€		€
3,642,195,421	Iarmhéid ar 1 Eanáir	3,320,028,406
9,542,633,383	Aistrithe ó na Coimisinéirí Ioncaim	9,085,912,712
<u>160,209,357</u>	Toradh ar Infheistíochtaí	<u>132,976,718</u>
13,345,038,161	(Nóta 2)	12,538,917,836
10,025,000,000	<i>Bain:-</i> Íoctha leis an Aire Gnóthaí Sóisialacha & Teaghlaigh	11,668,000,000
<u>9,755</u>	Táille iniúcháireachta an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	<u>5,100</u>
<u>3,320,028,406</u>	Iarmhéid ar 31 Nollaig	<u>870,912,736</u>
	(Nóta 4)	


Kevin Cardiff
Ard-Rúnaí
An Roinn Airgeadais
20 Deireadh Fómhair 2010

Polasaí Cuntasaíochta

Is cuntas fáltas agus íocaíochtaí é seo agus bíonn infheistíochtaí á lua ar an gcostas dá réir.

NÓTAÍ AG GABHÁIL LEIS AN gCUNTAS

1. Léiríonn an Cuntas na hidirbhearta a bhaineann le hinfheistiú farasbarr airgid an Chiste Árachais Shóisialaigh, rudaí a bhíonn á mbainistiú agus á rialú ag an Aire Airgeadais de réir Alt 9 den Acht (Comhdhlúthú) Leasa Shóisialaigh, 2005. Tá an tAire tar éis an fhreagracht a tharmligean chun Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, maidir le hinfheistiú an airgid atá mar chreidmheas sa Chuntas Infheistíochta, seachas airgead i dtaisce sa Bhanc Ceannais de réir Alt 28 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 2000. Chuir an tAire treoirínte infheistíochta ar fáil, de réir an Ailt seo.
2. Déantar anailís ar thoradh na n-infheistíochtaí mar seo a leanas:

	2009	2008
	€	€
Ús (Nóta 3(a))	32,193,401	111,913,291
Díbhinní Bannaí	58,083,361	61,605,237
Díbhinní Bannaí fabhraithe ar cheannachán (Nóta 3(b))	(81,572)	(13,195,149)
Glan-ghnóthachain/(chailleanais) réadaithe ó dhíolacháin bannaí	42,781,528	(114,022)
Toradh lomlán ar Infheistíocht	132,976,718	160,209,357

3. (a) Is ionann an méid úis atá léirithe agus an fíor-mhéid a fuarthas le linn na bliana. Fuarthas ús €761,473 a bhí fabhraithe ag deireadh 2009 i 2010.
 - (b) Is ionann Díbhinní Bannaí a fabhraíodh ar cheannach agus íocaíocht a rinneadh ón gCuntas i 2009, de bhreis ar luach caipitil na mbannaí a ceannaíodh, le cúiteamh leis an díoltóir le haghaidh úis a tuilleadh cheana.
4. Is ionann an t-iarmhéid ar 31 Nollaig 2009 agus €711,917,151 i dtaisce sa Bhanc Ginearálta agus €158,995,585 in airgead tirim atá á choinneáil in ainm Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta i dtaisce ag an mBanc Ginearálta ar 31 Nollaig 2009.

Cuntas Infheistíochta an Chiste Árachais Shóisialaigh

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntais agus Ciste

Rinne mé iniúchadh ar an gCuntas roimhe seo le haghaidh na bliana dar críoch 31 Nollaig 2009, de réir Alt 9 den Acht (Comhdhlúthú) Leasa Shóisialaigh. 2005.

Cuimsíonn an Cuntas, rud a ullmhaíodh i gcomhréir leis an Acht, cuimsíonn sé Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí agus nótaí bainteacha.

Freagrachtaí na Roinne Airgeadais agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste faoi seach

Tá an Roinn freagrach as an gCuntas a ullmhú agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Tá sé mar fhreagracht ormsa iniúcháireacht a dhéanamh ar an gCuntas i gcomhréir leis na ceanglais bhainteacha dhlíthiúla agus rialaitheacha, agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúcháireacht (An RA agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an Cuntas léirithe i gceart, faoi réir an Achta. Tuairiscím chomh maith cé acu an bhfuil nó nach bhfuil leabhair chearta chuntais tar éis a bheith coinnithe, dar liom. Anuas air sin, dearbhaím cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an Cuntas ag teacht leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím aon chás bainteach nuair nach bhfuil airgead tar éis a bheith úsáidte do na cuspóirí a ceapadh dó, nó i gcás nach bhfuil na hidirbhearta ag réiteach leis na húdaráis atá á rialú.

Tuairiscím freisin mura bhfuil an t-eolas agus na míniúcháin go léir faighte agam atá riachtanach do chuspóirí m'iniúchta.

Bunús na Tuairime Iniúcháireachta

I gcleachtadh m'fheidhme mar Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar an gCuntas faoi réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúcháireacht (An RA agus Éire) a d'eisigh an Bord um Chleachtais Iniúcháireachta agus trí thagairt do na nithe speisialta a bhaineann le comhlachais Stáit, maidir lena mbainistiú agus a bhfeidhmiú. Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise atá bainteach le méideanna, nochtadh agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa Chuntas. Chomh maith leis sin, cuimsíonn sé measúnú ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na polasaithe cuntasaíochta iomchuí do dhálaí an Chuntais, á gcur i bhfeidhm go comhsheasmhach agus á nochtadh go himleor.

Rinne mé m'iniúchadh a phleanáil agus a chur i bhfeidhm chun an t-eolas agus na míniúcháin go léir a fháil a bhraith mé a bheith riachtanach chun fianaise dhóthanach a sholáthar dom, le deimhniú réasúnta a chur ar fáil go bhfuil an Cuntas saor ó mhíríteas ábhartha, bíodh sé mar thoradh ar chialais nó ar mhíriltacht nó earráid eile. Agus mo thuairim á meá agam, rinne mé measúnú ar leogacht fhoriomlán chur i láthair an eolais sa Chuntas chomh maith.

Tuairim

Is é mo thuairim go léiríonn an Cuntas iarmhéid an Chuntais ar 31 Nollaig 2009 i gceart i gcomhréir leis an Acht, chomh maith leis na hidirbhearta sa bhliain arna críochnú ansin.

Is é mo thuairim go bhfuil leabhair chearta chuntais tar éis a bheith coinnithe ag an Roinn. Tá an Cuntas ag teacht leis na leabhair chuntais.



John Buckley
An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
21 Deireadh Fómhair, 2010